

Samhail Rochtana agus Chuimsithe Tús Níos Fearr (AIM)

Samhail nua chun tacú le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar Chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige

Réamhrá

Díríonn Samhail Rochtana agus Chuimsithe Tús Níos Fearr (AIM) ar rochtain agus rannpháirtíocht a chumasú ar COLÓ i measc leanaí atá faoi mhíchumas, agus aird ar a gcumas feidhmiúil agus ar a riachtanais tacaíochta. Aithníonn an tsamhail gur grúpa fairsing iad leanaí atá faoi mhíchumas, a bhfuil riachtanais acu ar féidir le riachtanais atá idir riachtanais éadroma agus mheasartha agus riachtanais throma nó chasta a bheith i gceist leo, agus go mbíonn cumas feidhmeach agus riachtanais éagsúla tacaíochta acu, chomh maith. Sainaithníodh i gcomhairliúchán agus tuarascáil deiridh an Ghrúpa Idir-Rannaigh (GIR) gur cheart go mbeadh aon samhail a forbraíodh chun tacú le cuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i réamhscoil a bheith bunaithe ar riachtanais. Ar an ábhar sin, tá an rochtain ar thacaíochtaí a dtugtar cuntas orthu sa tsamhail bunaithe ar chumas agus riachtanais tacaíochtaí a linbh a shainaithint, seachas ar dhiagnóis. Comhaontaíodh go bhforbrófaí próifíl forbartha (Tuarascáil an GIR, Meán Fómhair 2015), a leasaíodh ina dhiaidh sin mar 'Próifíl Rochtana agus Chuimsithe' chun seirbhísí a threorú chun tacaíochtaí a shainaithint a teastaíonn le haghaidh leanaí atá faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar chlár COLÓ. Léirítear réimse agus éagsúlacht na dtacaíochtaí a theastaíonn i seacht leibhéal na samhla. Téann Leibhéal 4 den tsamhail (Comhairle agus Tacaíocht Shaineolach Oideachais) i ngleic le riachtanais chleachtóirí luathbhlianta ar fud na tíre go mbeidh rochtain thráthúil acu ar chomhairle agus tacaíocht ó shaineolaithe in oideachas luathbhlianta (agus ar oideachas míchumais, ach go háirithe) chun cabhrú leo freastal ar riachtanais aonair gach linbh.

Cuspóir na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe-

Trí Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe a úsáid, cinntítear go bhfuil cinnteoireacht agus soláthar tacaíochta a threoraíonn an phróifíl seo comhsheasmhach agus cothrom. Rachaidh seo i ngleic le buarthaí a thugtar chun solais sa GIR gur mhinic gur bhraith cinnteoireacht, fáil ar sheirbhís agus tacaíocht ar dhiagnóis nó ar mheasúnú agus/nó go ndearnadh iad a éagsúlú mar thoradh ar láthair thíreolaíoch leanaí. Anuas ar príomhlimistéir de riachtanais fheidhmeacha a shainaithint chun tacaíochtaí indibhiúlaithe a shaincheapadh ar leibhéal iolracha nó aonair na samhla, cuireann úsáid Próifíl Rochtana agus Chuimsithe teorainn ar an méid a d'fhéadfadh tuairimí aonair agus/nó peirspictíochtaí/buarthaí déantóirí cinntí cinntí a chur ar sceabha nó tionchar diúltach a imirt orthu, faoi mar a tugadh faoi deara i roinnt staidéir (Guscia, Harries, Kirby agus Nettelbeck, 2006; Harries, 2008).

Eascróidh comhsheasmhacht, trédhearcacht agus dí-rúndiamhrú cinnteoireachta maidir le leanaí faoi mhíchumas, go náisiúnta, as príomhpharaiméadair (fearainn) a fhorbairt faoina mbreithnítear riachtanais agus cumas feidhmeach gach linbh ar bhealach iontaofa. Cuireann fís fhoriomlán na samhla faisnéis ar fáil do na fearainn seo go mbeidh gach leanbh, leanaí atá faoi mhíchumas ina measc, in ann páirt bhríoch a ghlacadh i gClár COLÓ i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha (seachas i gcásanna eisceachtúla ina rachaidh soláthar speisialaithe chun sár-leasa an linbh). Ar an ábhar sin, baineann na fearainn le príomhlimistéir atá ábhartha i dtaobh rannpháirtíocht leanaí atá faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile, ina measc míchumas fisiciúil (lena n-áirítear riachtanais chéadfacha agus sláinte scileanna oll-luaile agus mínluaile), cumarsáid (léiriú, intuigtheacht agus tacaíochtaí cumarsáide), foghlaim agus iompar (fiosrú, smaoineamh, réiteach fadhbanna, féinrialáil, clonadh, idirghníomhartha ina measc).

Is é cuspóir na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe:

- Cabhrú leis an soláthraí seirbhíse, i gcompháirtíocht leis an tuismitheoir, chun cumas agus riachtanais an linbh a dhiemhniú d’fhonn tacú leo baint agus rochtain iomlán a bheith acu i gclár an RLGÓ.
- Cabhrú leis an soláthraí seirbhíse, i gcompháirtíocht leis an tuismitheoir, chun láidreachtaí agus dúshláin an tsuímh a leagan amach agus tacaíocht á soláthar dóibh chun rochtain agus baint iomlán agus bríoch a bheith acu i gclár an RLGÓ.
- An gá atá le comhairle agus tacaíocht ghairmiúil oideachais a shainaitheint a chuireann ar chumas Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) chun tús áite a thabhairt dá bhfreagairt.
- An Speisialtóir Luathbhlianta agus an suíomh a threorú, agus tacaíocht á soláthar do rannpháirtíocht agus rochtain an linbh ar chlár an RLGO.
- Chun cabhrú lena shainaitheint cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh aon tacaíocht bhreise bheith ag teastáil le rannpháirtíocht an linbh i suíomh an RLGO a chumasú (Leibhéal 4-7).

Taighde faoinar tugadh nuair a bhí an Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe á forbairt-

Nuair a bhí an tsamhail á forbairt agus aird ar na srianta ama chun tuarascáil a chur i dtoll a chéile le haghaidh an Rialtais, díríodh an taighde ar shamhlacha agus acmhainní reatha a aimsiú chun faisnéis a chur ar fáil d’obair an GIR. Rinneadh scrúdú ar shamplaí d’uirlisí forbartha próifíle agus measúnaithe atá in úsáid in Éirinn agus i dtíortha eile. Chuir torthaí thuarascáil an ÚNM *Riachtanais tacaíochta cúraim leanaí faoi mhíchumas a shainaitheint* (2012) faisnéis ar fáil don phróiseas seo. Roghnaíodh uirlisí ar an mbonn go bhféadfaí iad a chríochnú ag Oideachasóirí Luathbhlianta agus / nó tuismitheoirí, gan ionchur gairmiúil. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

Teideal	Foinse	Láthair
Próifíl Rochtana Réamhscoile	Seirbhís na Roinne Oideachais agus Leanaí	An Astráil Theas
Measúnú Forbartha Portage (Leasaithe in 2015)	Tionscadal Portage	SAM
Seicliosta Garspriocanna Forbartha	An Lárionad um Rialú agus Cosc Galair (LRG)	SAM
Seicliosta Forbartha Breithe – 5 (nuashonraithe in 2012)	An Lárionad Treorach Luath-Óige	Ollscoil Syracuse, SAM
An Ceistneoir ‘Ages and Stages’	An Lárionad Forbartha Daonna, Ollscoil Oregon	Ollscoil Oregon, SAM
An tIrisleabhar um Fhorbairt Luathbhlianta	An Biúró Náisiúnta Leanaí	An RA
Tuarascáil agus Treoirlínte Speisialaithe Liúntas Cúram Baile	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Éire
An fhoirm Mheasúnaithe le haghaidh Tacaíocht Bunscoile	An Roinn Oideachais agus Scileanna	Éire
Uirlis Mheasúnaithe Réamhscoile Fhoireann Luath-Idirghabhála Mhaigh Eo (2015)	Foireann Luath-Idirghabhála Mhaigh Eo	Éire

Réasúnaíocht an Chuir Chuige a Bheartaítear

Rinne comhaltaí an GIR Próifíl Rochtana na Réamhscoile (Seirbhís na Roinne Oideachais agus Leanaí (SROL)/an Phróifíl Rochtana Réamhscoile (PRR)) a fhoinsiú agus moladh í mar uirlis a bhí oiriúnach d'obair an ghrúpa. Seo a leanas na critéir a bhí i gceist chun uirlis phróifíle a roghnú nó a oiriúnú:

- D'áireofaí leis an uirlis táscairí agus tuairisceoirí cuimsitheacha ar fhearainn forbartha leanaí agus bhreithneodh an uirlis riachtanais fheidhmeacha an linbh i gcomhthéacs a s(h)uímh COLÓ
- dhearfaí an uirlis go n-úsáidfeadh cleachtóirí agus tuismitheoirí í agus nach dteastódh ceadúnú nó oiliúint shonrach riaracháin uaithe;
- shaincheapfaí an uirlis go sonrach lena húsáid i measc leanaí idir 3 agus 5 bliana d'aois i gcomhthéacs suíomh réamhscoile, agus
- chuimseodh an uirlis cumas agus riachtanais araon agus ní bhraitheadh sí ar dhiagnóis
- Go hidéalach, ghlacfaidh an uirlis le cur chuige bunaithe ar láidreachtaí – tús áite a thabhairt do chumas, seachas riachtanas nó míchumas.

I ndiaidh gur cuireadh na critéir go léir thuas i bhfeidhm, deimhníodh gur chomhlíon an Phróifíl Rochtana Réamhscoile (SROL-PRR) na critéir go léir, seachas an ceann deiridh. Deimhníodh gur éirigh ní b'fhearr leis ná mar a d'éirigh le gach ceann de na próifílí agus na huirlisí eile nuair a measúnaíodh iad i gcoinne na gcritéir thuas a chomhlíon ceithre cinn de na cúig chritéir. Lorgaíodh agus fuarthas cead ón Roinn Oideachais agus Forbartha Leanaí, an Astráil Theas, chun an Phróifíl a úsáid agus/nó a oiriúnú.

An Réasúnacht chun Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Aonair a Shaincheapadh don tSamhail nua

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte an SROL-PRR, thug foireann Tús Níos Fearr faoi oiriúnú, a d'athraigh an friotal ó bheith bunaithe ar easnamh go dtí láidreachtaí-bhunaithe (féach Aguisín 1). Anuas air sin, cuireadh roinnt earraí leis nó fágadh roinnt earraí ar lár, bunaithe ar aiseolas agus moltaí ó chomhghleacaithe i nGrúpa an Tionscadail agus trí chomhairliúchán le FSS. Cé nár athraigh seo na fearainn, na tuairisceoirí nó an próiseas ina gcríochnaítear nó ina gcuirtear an uirlis i bhfeidhm, i dtaobh cúrsaí feidhmeacha de, is tábhachtach a aithint, agus an phróifíl a mionathrú, go dtuigimid nach féidir linn brath ar an mbonn bunúil fianaise, ar lorgaíodh deimhniú ina thaobh seo ó sheirbhísí na Roinne Oideachais agus Leanaí, an Astráil Theas.

Rinneadh cáipéis 'áitiúil' den cháipéis, chomh maith, a bhain gach tagairt nach mbainfeadh le hábhar i gcomhthéacs na hÉireann.

Tástáil, Trial Phíolótach agus Measúnacht

Rinneadh tástáil ar an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe, i dtosach báire, trí chomhairliúchán le soláthraithe COLÓ.

Tugadh cuireadh do dhaichead a haon soláthraí seirbhíse COLÓ chun an Phróifíl a chomhlánú lena chinntiú go bhfuil sí inúsáidte agus oiriúnach don chuspóir. Chomhlánaigh tríocha a haon soláthraí í laistigh de amfhráma comhaontaithe. Thug an t-aiseolas le fios go raibh an Phróifíl soiléir, oiriúnach don chuspóir agus furasta lena comhlánú. Mar thoradh air sin, ní dhearnadh aon athruithe ar an bpróifíl. Déanfar athbhreithniú ar an bpróifíl i ndiaidh chéad bhliain chur i bhfeidhm na próifíle. Beidh cáipéis na Próifíle, ar an gcuma chéanna le gach gné de chur i bhfeidhm na samhla, faoi réir monatóireachta agus measúnú.

Breithniú a dhéanamh ar láidreachtaí, cumas agus riachtanais shuíomh COLÓ

Teastaíonn cur chuige suímh iomláin ó chleachtas cuimsitheach a chur i bhfeidhm agus, ar an ábhar sin, is ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar láidreachtaí, cumas agus riachtanais tacaíochta, oiliúna agus chomhairle fhoireann an tsuímh. Bailíonn próifíl reatha seirbhíse an PIP sonraí faoi sholáthar foirne, líonta leanaí a fhreastalaíonn, cáilíochtaí agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil caipitíocht níos airde á fáil ag seirbhísí don fhoireann a bhain leibhéal céime amach, a sholáthraíonn bearta cainníochtúla cáilíochta agus acmhainní. Moladh go gcuirfí mír bhreise laistigh den phróifíl Rochtana a lorgaíonn chun faisnéis bhreise a bhailiú faoin suíomh. Beartaítear go bhféadfaí cuid den fhaisnéis seo a uath-chomhlánú ón PIP. Chinnteodh seo an méid a leanas:

- 1) níl faisnéis á bailiú ach uair amháin ach tá úsáid á baint aisti le haghaidh roinnt cuspóirí, ar aon dul le dea-bhainistíocht eolais.
- 2) níl am luachmhar á chur amú ag speisialtóirí agus faisnéis á cur le chéile acu ar an leanbh agus an suíomh mar gheall go soláthróidh an phróifíl íomhá ilchodach go huathoibríoch den fhaisnéis seo dóibh (déantar seo a ailíniú le haidhm luaite na próifíle, arb í feabhas a chur ar éifeachtúlacht na seirbhíse agus an t-am a laghdú a ghlacann sé idir tús a chur le freagairt ar iarratais agus an t-iarratas a chríochnú), agus
- 3) nuair a chaitear súil ar an bpróifíl, féadfaidh tuismitheoirí agus soláthraithe a thabhairt faoi deara go soiléir go bhfuil breithniú á dhéanamh ar acmhainní an tsuímh agus ar riachtanais an linbh araon.

Corpraíodh seo isteach sa phróifíl i mír maidir le Faisnéis ar an Suíomh Réamhscoil ina n-iarrtar ceisteanna simplí dúnta (Tá/Níl) maidir le beartais laistigh den suíomh, inrochtaineacht na timpeallachta foghlama taobh istigh agus taobh amuigh, eolas agus oiliúint na foirne agus inoiriúnaitheacht an churaclaim.

Ar deireadh thiar, is tábhachtach a aithint nach bhfuil sa Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe ach gné amháin de cháipéisíocht agus de phróiseas um chur i bhfeidhm na samhla iomláine, a bhaineann go príomha le Leibhéal 4 – rochtain a fháil ar chomhairle agus tacaíocht shaineolach oideachais. Maidir le leibhéal 4, áirítear an méid a leanas leis an gcáipéisíocht:

- An Phróifíl Rochtana agus Chuimsithe
- Foirm Thoilithe Tuismitheora
- Treoir maidir leis an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe a Chomhlánú

Déanfar an phróifíl a chorprú isteach i bpróiseas níos fairsinge de sholáthar faisnéise, comhairle agus tacaíochta i measc gach cinn de sheacht leibhéal na samhla chun tacú le leanaí atá faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar chlár COLÓ.

Aguisín 1

Earraí Bunúla an PRR:

Pleanáil Oll-Luaile/ Feasacht ar Spásúlacht

Teastaíonn cúnamh ón leanaí leis an méid a leanas:

Tuairisceoirí	Uaireanta	Go Rialta	Go Minic
Siúl (féadfaidh sé/sí cathaoir rothaí nó siúlacán a úsáid)			
Aistriú agus suíomh			
Bogadh go sábháilte timpeall thimpeallacht na réamhscoile (e.g. amharc teoranta)			

Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Tús Níos Fearr

	Riamh	Uaireanta	Go Rialta	Go Minic
Pleanáil Oll-Luaile/ Feasacht ar Spásúlacht				
Is féidir leis/léi seasamh gan tacaíocht				
Is féidir leis/léi suí gan tacaíocht				
Is féidir leis/léi siúl leis/léi féin				
Is féidir leis/léi rith go neamhspleách				
Is féidir leis/léi léim go neamhspleách				
Is féidir leis/léi bogadh gan áis a úsáid (e.g. fráma siúil, cathaoir rothaí)				
Tá cothromaíocht mhaith aige/aici				
Is féidir leis/léi é/í féin a aistriú agus a shuíomh gan tacaíocht				
Is féidir leis/léi bogadh go sábháilte timpeall thimpeallacht na réamhscoile				